

## Aguisín A Tuarascáil um Scagadh

# Clár Ábhar

<b>1</b>	<b>Réamheolas</b>	<b>1</b>
1.1	Réamheolas	1
1.2	An Comhthéacs Reachtaíochta	1
1.3	Údaráis Phoiblí agus MC	2
1.4	Réimsí atá comhroinnte leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)	3
1.5	Comhairliúchán	4
<b>2</b>	<b>Modheolaíocht MC</b>	<b>6</b>
2.1	Treirdhoiciméid Maidir le Measúnacht Chuí	6
2.2	Céimeanna an MC	7
2.3	Cuspóirí Caomhnaithe	7
<b>3</b>	<b>Forbairt an Phlean Straitéisigh um Sheirbhísí Uisce</b>	<b>9</b>
3.1	Riachtanais an Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce	9
3.2	PSSU 2050 agus Orlathas na bPleananna	9
3.3	Páipéar Saincheisteanna don PSSU 2050	11
3.3.1	Achoimre ar na Seacht Saincheist	11
3.3.2	Achoimre ar na Ceithre Théama	13
<b>4</b>	<b>Céim 1 Scagadh</b>	<b>16</b>
4.1	An bhfuil PSSU 2050 Díolmhaithe ó Mheasúnú?	16
4.2	Cur Síos ar an PSSU 2050	16
4.3	Láithreáin Eorpacha ábhartha a Shainnithint	16
4.4	Gnéithe de PSSU 2050 a d'fhéadfadh Iarmhairtí Suntasacha Dóchúla a bheith mar Thoradh orthu	20
4.5	Iarmhairtí i gcomhar le chéile	23
<b>5</b>	<b>Conclúid an Scagtha</b>	<b>26</b>
<b>6</b>	<b>Tagairtí</b>	<b>27</b>

## Aguisíní

Aguisín A Limistéir Chaomhantais Speisialta i bPoblacht na hÉireann

Aguisín B Limistéir faoi Chosaint Speisialta i bPoblacht na hÉireann

Aguisín C Láithreáin Eorpacha i dTuaisceart Éireann

# 1 Réamheolas

## 1.1 Réamheolas

Leagtar amach sa Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (PSSU) cuspóirí Uisce Éireann don 25 bliain atá romhainn agus na bealaí lena mbainfidh siad amach iad. Tá sé ar chomhréim leis na ceanglais atá leagtha amach san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013. D'fhoilsigh Uisce Éireann an chéad Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce sa bhliain 2015, agus anois tá siad ag tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin i dtaca le Plean Straitéiseach nua um Sheirbhísí Uisce 2050 (PSSU 2050) a thiocfaidh in áit an phlean reatha. Cáipéis thábhachtach straitéiseach a bheidh sa PSSU nua 2050 ina gcuirtear béim ar uisce óil sábháilte a sholáthar agus ar chóireáil fuíolluisce. Tá sé de fhreagracht ar Uisce Éireann a chinntiú go bhfaigheann ár gcustaiméirí go léir (teaghlaigh agus comhlachtaí) soláthar uisce óil atá sábháilte agus seasmhach agus go ndéantar a gcuid fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil i gceart agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht.

Cheap Uisce Éireann Jacobs chun Tuarascáil Scagtha le haghaidh Measúnacht Chuí (MC) a ullmhú i dtaca le PSSU 2050 de réir cheanglais Airteagal 6 (3) den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach (AE) (Treoir 92/43/EEC) (an Treoir AE maidir le Gnáthóga). Déantar an Treoir maidir le Gnáthóga agus an Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE) a thrasú i ndlí na hÉireann ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha, 2011 (I.R. 477 de 2011) dá ngairtear na Rialacháin maidir le Gnáthóga 2011 anseo feasta, arna leasú, agus le Cuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

## 1.2 An Comhthéacs Reachtaíochta

Sa Treoir AE maidir le Gnáthóga, soláthraítear cosaint dhlíthiúil do ghnáthóga agus do speicis de thábhacht Eorpach. In Airteagal 3 go hAirteagal 9 soláthraítear na meáin reachtacha chun gnáthóga agus speicis de leas an chomhphobail a chosaint trí líonra de láithreáin ar fud an Aontais Eorpaigh a bhunú agus a chaomhnú ar a dtugtar an líonra Natura 2000 (ar a dtabharfar ina dhiaidh seo láithreáin Eorpacha<sup>1</sup>). Cuimsítear le láithreáin Eorpacha Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna (Caomhnú<sup>2</sup>)) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCSanna (Cosaint)). Déantar láithreáin a ainmniú mar LCSanna (Cosaint) mar thoradh ar an Treoir maidir le hÉin a chur chun feidhme.

Soláthraítear leis an tuarascáil seo faisnéis mar thaca le Measúnacht Chuí (MC) ar PSSU 2050 i gcomhréir le riachtanais Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE. Is próiseas í MC le haghaidh measúnacht tionchair dhírithé a dhéanamh ar phlean nó ar thionscadal, agus na himpleachtaí a bhaineann leis a scrúdú, ina aonar nó i gcomhar le chéile le pleananna agus tionscadail eile, maidir le láithreáin Eorpach amháin nó níos mó i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe na láithreáin, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

Le hAirteagal 6(3) agus 6(4) den Treoir AE maidir le Gnáthóga, leagtar amach na tástálacha cinnteoireachta maidir le pleananna agus tionscadail ar dócha go rachaidh siad i gcion ar láithreáin Eorpacha. Is é an chéad chéim den phróiseas MC chun Scagadh a dhéanamh chun a chinneadh an bhfuil MC riachtanach, maidir le plean nó tionscadal áirithe.

<sup>1</sup> Cuireadh "láithreáin Eorpach" in ionad an téarma "láithreáin Natura 2000" faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh, 2011 (Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Gnáthóga) I.R. Uimh. 473 de 2011.

<sup>2</sup> Tugtar an chosaint chéanna do LCSanna (Caomhnú) is iarrthóirí agus a thugtar do LCSanna. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun láithreáin a dhéanamh ina LCSanna (Caomhnú) 'féideartha' trí bhíthin na hIonstraime Reachtúla. Le linn don phróiseas sin a bheith ar siúl, úsáidfean an téarma LCS (Caomhnú), i gcomhréir leis an ainmniócht a úsáidtear i mbunachair shonraí SPNF.

Bunaíodh an riachtanas maidir le MC ag Airteagal 6(3):

*“Beidh plean nó tionscadal ar bith nach bhfuil nasctha go díreach le bainistíocht an láithreáin nó nach bhfuil riachtanach ina leith ach ar dócha go rachaidh sé i gcion air ar bhonn suntasach, ina aonar nó i gcomhar le chéile le pleananna nó le tionscadail eile, faoi réir ag Measúnacht Chuí maidir lena impleachtaí don láithreán i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin. I bhfianaise chonclúid na measúnachta ar na himpleachtaí don láithreán agus faoi réir ag forálacha mhír 4, ní chomhaontóidh na húdaráis inniúla náisiúnta leis an bplean nó leis an tionscadal ach amháin tar éis dóibh a chinneadh nach mbeidh iarmhairt dhiúltach ag baint leis maidir leis an láithreán atá i gceist agus, más iomchuí, tar éis dóibh tuairim an phobail i gcoitinne a fháil.”*

Tá sé luaite in Airteagal 6(4):

*Más é an cás, d’ainneoin measúnacht dhiúltach ar na himpleachtaí don láithreán [Natura 2000] agus in éagmais réitigh mhalartacha, nach mór plean nó tionscadal a chur chun feidhme ina dhiaidh sin is uile ar chúiseanna ordaitheacha de leas sáraitheach an phobail, lena n-áirítear iad siúd de nádúr sóisialta nó eacnamaíoch, glacfaidh Ballstáit gach beart cúitimh atá riachtanach chun a chinntiú go ndéantar comhleanúnachas foriomlán Natura 2000 a chosaint. Cuirfidh sé na bearta cúitimh a glacadh in iúl don Choimisiún.”*

### 1.3 Údaráis Phoiblí agus MC

Tá dualgais údarás poiblí maidir le caomhnú an dúlra leagtha amach go príomha in Airteagal 27 de na Rialacháin maidir le Gnáthóga, 2011. Tugtar ‘údarás poiblí’ ar Uisce Éireann chun críocha Rialacháin 2011.

Is é an chéad chéim den phróiseas MC ná scagadh a dhéanamh chun a fháil amach an bhféadfadh iarmhairtí suntasacha dóchúla (ISDanna) ar aon láithreán Eorpach/Láithreáin Eorpacha a bheith mar thoradh ar phlean nó tionscadal áirithe. Go sonrach, tá sé luaite i Rialachán 42(1):

*“Déanfaidh an t-údarás poiblí scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ar phlean nó tionscadal dá bhfaightear iarratas ar thoilíú, nó ar phlean nó tionscadal nach bhfuil nasctha go díreach le bainistíocht an láithreáin ná riachtanach do bhainistíocht an láithreáin mar Láithreán Eorpach. Déanfar an MC chun a fháil amach, i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr agus i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin, an bhféadfadh iarmhairt shuntasach a bheith ag an bplean nó tionscadal sin, ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar an láithreán Eorpach.”*

Tá sé luaite i Rialachán 42(6):

*“Cinnfidh an t-údarás poiblí go bhfuil Measúnacht Chuí maidir le plean nó tionscadal riachtanach nuair nach bhfuil an plean nó tionscadal nasctha go díreach le bainistíocht an láithreáin ná riachtanach do bhainistíocht an láithreáin mar láithreán Eorpach agus mura féidir é a chur as an áireamh, ar bhonn faisnéis eolaíochta oibiachtúil tar éis tástáil a dhéanamh faoin Rialachán seo, go mbeidh iarmhairt shuntasach ag an bplean nó tionscadal sin, as féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar láithreán Eorpach.”*

I gcomhthéacs Airteagal 6(3), ní mór d’Uisce Éireann scagadh le haghaidh MC a dhéanamh maidir le PSSU 2050 chun a mheasúnú, ar bhonn faisnéis eolaíochta oibiachtúil, an bhféadfadh iarmhairt shuntasach a bheith ag an bPlean féin nó ag an bplean i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar láithreán Eorpach. Má chinntear leis an scagadh seo nach féidir é a eisiáimh, ar bhonn faisnéis oibiachtúil eolaíoch, go mbeidh iarmhairt shuntasach ag an bPlean, ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, ar láithreán Eorpach, ansin caithfidh Uisce Éireann a chinneadh go bhfuil Measúnacht Chuí ar an bplean ag teastáil.

Ní mór d’Uisce Éireann Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a ullmhú chun cabhrú leo Measúnacht Chuí a dhéanamh sa chás go mbeidh ceann ag teastáil tar éis scagtha. Is tuarascáil é an RTN ina gcuimsítear scrúdú eolaíoch ar phlean nó ar thionscadal agus ar an Láithreán Eorpach nó ar na Láithreáin Eorpacha ábhartha. Déantar é seo chun aon impleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag an bplean/tionscadal féin nó ag an bplean/tionscadal i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile a aithint agus a thréithriú, i bhfianaise chuspóirí

caomhnaithe an láithreáin/na láithreán. Cuimsítear sa RTN freisin aon fhaisnéis bhreise, lena n-áirítear, (ach gan a bheith teoranta dóibh), aon phleananna, léarscáileanna nó líníochtaí, aon fhaisnéis eolaíoch nó sonraí a theastaíonn chun Measúnacht Chúí a dhéanamh.

Agus an MC iomlán á déanamh, ceanglaítear leis na Rialacháin maidir le Gnáthóga 2011 ar Uisce Éireann an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Maidir le RTN;
- Aon phleananna nó tionscadail eile a d'fhéadfadh, i dteannta leis an bplean nó an tionscadal atá á mbreithniú, drochthionchar a imirt ar shláine láithreáin Eorpaigh;
- Aon fhaisnéis fhorlíontach a chuirtear ar fáil i ndáil le haon tuarascáil nó ráiteas den sórt sin;
- Más iomchuí, aon fhaisnéis bhreise a thabharfar i ndáil leis an RTN;
- Maidir le haon fhaisnéis nó comhairle a fhaigheann Uisce Éireann;
- Más iomchuí, aon aighneachtaí nó barúlacha i scríbhinn a dhéantar chuig Uisce Éireann maidir leis an iarratas ar thoiliú don Phlean; agus
- Aon fhaisnéis ábhartha eile.

Nuair a bheidh an Mheasúnacht Chúí déanta, ní ghlacfaidh Uisce Éireann leis an bPlean ach amháin sa chás gur cinneadh nach ndéanfaidh an Plean dochar do shláine aon láithreáin Eorpaigh/láithreán Eorpach.

#### **1.4 Réimsí atá comhroinnte leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)**

Leagtar amach i dTreoir MST (2001/42/CE) próiseas le haghaidh measúnacht chomhshaoil na bpleananna agus is é is aidhm di foráil a dhéanamh maidir le leibhéal ard cosanta an chomhshaoil agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Leagtar amach inti freisin ceanglais shonracha i ndáil leis an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus an Treoir maidir le hÉin (2009/42/CE).

Cuirtear an Treoir MST i bhfeidhm in Éirinn trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (CE) (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004, arna leasú le Rialacháin CE (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe) (Leasuithe) 2011 (ar a dtugtar an 'Rialacháin MST'). Faoi na rialacháin sin, ceanglaítear go ndéanfar scagadh MST ar phleananna cáilitheacha amhail PSSU2050 mar an gcéad chéim le cinneadh an bhfuil gá MST. Chuathas i mbun athbhreithniú scagtha i ndiaidh treoraíocht scagtha an GCC 2021 agus deimhníodh leis sin go bhfuil feidhm MST ag teastáil ón PSSU 2050. I measc na gcéad chéimeanna eile tá scóipeáil, measúnacht, comhairliúchán poiblí agus monatóireacht.

Is é an aidhm go mbeadh tionchar ag an bpróiseas MST ar an bplean agus é a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas ná measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí suntasacha dóchúla ar an timpeallachta ó chur chun feidhme an phlean agus roghanna eile réasúnta chun cuspóirí an phlean a bhaint amach a bhreithniú. Áirítear éifeachtaí comhcheangailte agus carnacha an phlean ina iomláine agus le pleananna agus cláir eile mar chuid den mheasúnú freisin. Leagtar amach leis na Rialacháin MST ceanglais shonracha le haghaidh comhairliúcháin le hÚdaráis Chomhshaoil, lena n-áirítear údaráis chomhshaoil thrasteorann, ag an gcéim scóipe agus le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ar an dréachtphlean agus ar Thuarascáil Timpeallachta MST. Ní mór Tuarascáil Timpeallachta MST agus aiseolas ón gcomhairliúchán a chur san áireamh freisin agus an plean á thabhairt chun críche agus le haghaidh monatóireacht ar a chur chun feidhme.

Tá comhréim áirithe ag an MST agus an MC maidir le roinnt gnéithe dá riachtanais (.1 ar an taobh eile den leathanach) agus i gcomhréir le dea-chleachtas, cuirtear próiseas comhtháite chun feidhme idir forbairt PSSU 2050, an MST agus an MC, amhail sonraí bonnlíne a chomhroinnt, measúnú comhtháite ar iarmhairtí féideartha éiceolaíocha PSSU 2050 ar láithreáin Eorpacha agus soiléiriú ar ghnéithe níos teicniúla de PSSU 2050. Is leis na próisis seo i gcomhar lena chéile a chuirfear bonn eolais faoi PSSU 2050 agus a dhéanfar é a mhúnlú.


De réir Airteagal 9 (5) de na Rialacháin MST (I.R. Uimh. 435 de 2004), eiseofar an Tuarascáil um Scóipeáil MST chuig na hÚdaráis Timpeallachta reachtúla seo a leanas chun go ndéanfaidh siad athbhreithniú uirthi agus a dtuairimí a thabhairt fúithi:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC);
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM);
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear an tAonad Feidhmeanna Forbartha; agus
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC).

Toisc go bhfuil an deis ann comhéadan a dhéanamh le Tuaisceart Éireann agus go bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith ann, eiseofar an Tuarascáil Scóipeála MST freisin chuig Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (DAERA) le haghaidh comhairliúcháin maidir le hiarmhairtí timpeallachta trasteorann.

## 1.5 Comhairliúchán

Forbrófar PSSU 2050 i ndiaidh dhá chéim de chomhairliúchán. Beidh comhairliúchán reachtúil ar siúl ar dtús maidir le Páipéar Saincheisteanna an PSSU, maidir leis an Tuarascáil um Scóipeáil MST (mar atá luaite thuas), agus maidir leis an Tuarascáil um Scagadh MC Le linn na tréimhse comhairliúcháin, rachaidh Uisce Éireann i dteagmháil go díreach le príomhpháirtithe leasmhara reachtúla agus rialála. Déanfar an t-aiseolas a fhaightear faoin bPáipéar Saincheisteanna, faoin Tuarascáil Scóipe MST agus faoin Tuarascáil Scagthástála MC a athbhreithniú agus a chur san áireamh agus deacht-leaganacha den PSSU 2050, den Tuarascáil Timpeallachta MST agus den RTN á n-ullmhú. Mar chuid den dara chéim de chomhairliúchán, reáchtálfaidh Uisce Éireann comhairliúchán poiblí maidir le dréachtphlean PSSU 2050 in éineacht le Tuarascáil Timpeallachta MST agus RTN (próiseas MC) in Earrach na bliana 2024.



**Léaráid 1.1: Bunsriocanna Inghnóthaithe agus straitéis seicheamhaithe an tionscadail**



## 2 Modheolaíocht MC

### 2.1 Treirdhoiciméid Maidir le Measúnacht Chuí

Leantar cur chuige seicheamhach le riachtanais MC Airteagal 6 den Treoir AE maidir le Gnáthóga (An Coimisiún Eorpach, 2021), atá sonraithe sna treirdhoiciméid agus Imlitreacha Roinne a leanas, eadhon:

#### Treirdhoiciméid

Leis an ullmhúchán don scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí tugadh an treoir sna treirdhoiciméid a leanas san áireamh.

- MC maidir le Pleananna agus Tionscadail in Éirinn: Treoir d'Údaráis Phleanála. DEHLG (2010).
- Measúnú ar Phleananna agus ar Thionscadail ag a bhfuil Iarmhairt Shuntasach ar Láithreán Natura 2000 - Treoir Mhodheolaíoch maidir le forálacha Airteagal 6(3) agus (4) den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE. An Coimisiún Eorpach (2021).
- Scagadh Measúnachta Cuí le haghaidh Bainistíocht Forbartha. Nóta Cleachtais PN01 ORP. (Oifig an Rialálaí Pleanála, 2021).
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPrionsabal Réamhchúramach. An Coimisiún Eorpach (2000).
- Treirdhoiciméad maidir le hAirteagal 6(4) den 'Treoir maidir le Gnáthóga' 92/43/CEE. Soiléiriú maidir le coincheapa de: Réitigh Mhalartacha, Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithe, Bearta Cúiteacha, Comhleanúnachas Foriomlán, Tuairim an Choimisiúin. An Coimisiún Eorpach (2007).
- Ráitis Thionchair Natura Muirí i Limistéir Chaomhantais Speisialta na hÉireann. Doiciméad oibre. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta (REOG) (2012).
- Láithreáin Natura 2000 a Bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 den Treoir maidir le 'Gnáthóga' 92/43/CEE. An Coimisiún Eorpach (2018).

#### Imlitreacha Roinne/na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)

- MC faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga: Treoir d'Údaráis Phleanála. Ciorclán SPNF 1/10 agus PSSP 2/10.
- MC maidir le Pleananna Talamhúsáide. Ciorclán MST 1/08 & SPNF 1/08.
- Coinníollacha Comhlíontachta maidir le Forbairtí óna dteastaíonn (1) Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT); nó (2) a bhfuil Iarmhairtí ionchasacha i gceist leo maidir le láithreáin Natura 2000. Imlitir PD 2/07 agus SPNF 1/07.
- Treoir maidir le Rialachán 23 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh. Ciorclán 2/07 SPNF.
- Infheistíocht i Seirbhísí Uisce agus Cláir Uisce Tuaithe - an Oidhreacht Nádúrtha agus Séadchomharthaí Náisiúnta a Chosaint. Ciorclán L8/08.

#### Foinsí Sonraí lena ndéantar an Scagadh lena ndéantar Eolas don MC.

Breithníodh na foinsí ginearálta faisnéise a leanas maidir le faisnéis chúlra um an timpeallacht:

- Sonraí ar líne a bhaineann le láithreáin Eorpacha ar sonraí iad atá i seilbh an SPNF ag [www.npws.ie](http://www.npws.ie) – lena n-áirítear achoimrí ar láithreáin, cuspóirí caomhnaithe agus doiciméid tacaíochta ábhartha eile.
- Sonraí CFG maidir le teorainneacha na láithreán Eorpach a fuarthas i bhformáid dhigiteach ar líne ón SPNF (arna n-íoslódáil Iúil, 2023).
- Raonta tagartha fabhracha agus bagairtí agus brúnna táblaithe do speicis/ghnáthóga LC sna measúnuithe is déanaí um stádas caomhantais náisiúnta ón SPNF (SPNF 2019a, 2019b).
- Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann - faisnéis ar líne maidir le láithreáin Eorpacha [www.doeni.gov.uk](http://www.doeni.gov.uk).

## 2.2 Céimeanna an MC

Tá ceithre chéim sa phróiseas MC de réir threoir an AE (CE, 2021), agus is iad seo a leanas iad.

- Céim 1: Scagthástáil le haghaidh MC/Tástáil le haghaidh Iarmhairtí Suntasacha Dóchúla.
- Céim 2: Measúnacht Chúí.
- Céim 3: Réitigh Mhalartacha.
- Céim 4: Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh

### **Céim 1: Scagadh le haghaidh MC/Tástáil le haghaidh Iarmhairtí Suntasacha Dóchúla.**

Céim 1: Faightear amach an bhféadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith ag plean/tionscadal as féin nó i gcomhar le pleananna/tionscadail eile ar láithreán Eorpach. Má mheastar go bhfuil na hiarmhairtí sin suntasach, go bhféadfaidís a bheith suntasach, go bhfuil siad éiginnte, nó má éiríonn an próiseas scagtha róchasta, caithfear dul ar aghaidh go dtí Céim 2 (MC). Ba cheart scagadh a dhéanamh gan maolú a chur san áireamh, murach gur féidir iarmhairtí féideartha a sheachaint ar fad tríd an bplean/tionscadal a mhionathrú nó a athdhearadh.

Má mheastar go bhfuil a oiread is an seans is lú ar bith ann go mbeidh iarmhairt shuntasach ar an láithreán, beidh gá le Measúnacht Chúí a dhéanamh. Is féidir an cinneadh seo a dhéanamh tar éis scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an bplean nó ar an tionscadal, nó tar éis anailís shimplí a dhéanamh sa chás gur measadh cheana go bhféadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith ann (mar gheall ar chineál, méid nó scála an phlean nó an tionscadail, mar gheall ar shaintréithe an láithreáin Eorpaigh nó mar gheall ar baol ard go mbeidh iarmhairtí ann i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile). Fágann sé sin go mbeifear in ann tús a chur leis an Measúnacht Chúí a luaithe agus is féidir (Treoraíocht CE, 2021).

### **Céim 2: MC**

Céim 2: Déantar measúnacht chun a fháil amach an mbeidh iarmhairtí diúltacha ag an bplean/tionscadal féin nó ag an bplean/tionscadal i gcomhar le tionscadail/pleananna eile ar shláine láithreán Eorpach, agus cuirtear aon bhearta maolaithe is gá chun iarmhairtí diúltacha a sheachaint, a laghdú nó a chúiteamh san áireamh.

### **Céim 3: Réitigh Mhalartacha**

Céim 3: Déantar plé ar aon réitigh nó roghanna malartacha chun gur féidir dul ar aghaidh leis an bplean/tionscadal gan aon iarmhairtí diúltacha ar shláine láithreán Eorpach

### **Céim 4: Cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh**

Céim 4: Más rud é gur deimhníodh nach bhfuil aon réiteach malartach ann nach bhfuil chomh díobhálach céanna leis an bplean/tionscadal féin, scrúdaítear an bhfuil cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh ann chun an plean nó an tionscadal sin a cheadú in ainneoin go mbeidh iarmhairtí diúltacha aige ar shláine láithreán Eorpach. Ní mór bearta cúitimh a mholadh agus a mheas, agus ní mór na bearta cúitimh sin a chuir in iúl don Choimisiún. Is gá go mbeadh na bearta cúitimh seo praiticiúil, go mbeadh sé éasca iad a chur i bhfeidhm, go mbeadh seans réasúnta ann go n-éireodh leo, go mbeidís comhréireach, go bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm, agus go gceadódh an tAire iad.

Ní bhíonn gach céim den phróiseas ag teastáil i ngach cás.

## 2.3 Cuspóirí Caomhnaithe

Is é aidhm fhoriomlán na Treorach maidir le Gnáthóga stádas caomhnaithe fabhrach na gnáthóg san iarscríbhinn agus na speiceas san iarscríbhinn (Leas Cáilitheach) de leas an chomhphobail a choimeád nó a chur ar ais dá ndearnadh LCS (Caomhnú) nó LCS (Cosaint) a ainmniú. Leagtar na Cuspóirí Caomhnaithe (CC) amach do láithreán Eorpach d'fhonn a chinntiú go ndéantar Leasanna Cáilitheacha an láithreáin sin a



choimeád nó a chur ar ais go riocht caomhnaithe fabhrach. Ina sheal féin, trí riocht caomhnaithe fabhrach gnáthóg agus speiceas a choimeád nó a chur ar ais ar leibhéal an láithreáin cuirtear le stádas caomhnaithe fabhrach gnáthóg agus speiceas a choimeád agus a chur ar ais ar leibhéal náisiúnta agus ar deireadh thiar ar leibhéal líonra na láithreán Eorpach.

Tá achoimrí mionsonraithe ar gach láithreán Eorpach ar fáil ar shuíomh gréasáin an SPNF. In Éirinn ullmhaíodh CCanna 'cineálacha' maidir le gach láithreán Eorpach, agus ullmhaíodh CCanna atá 'sainiúil do láithreán' maidir le roinnt láithreán aonair d'fhonn LCanna sainiúla an láithreáin sin a chur san áireamh. Is é an aidhm atá leis na CCanna cineálacha agus na CCanna suíomhoiriúnaithe araon riocht caomhnaithe fabhrach a leagan amach ar leibhéal an láithreáin do ghnáthóga agus do speicis<sup>3</sup>. Cuimsítear spiorad na CCanna suíomhoiriúnaithe sna CCanna cineálacha a d'fhorbair an SPNF i gcomhthéacs riocht caomhnaithe fabhrach a choimeád agus a chur ar ais mar a bhí, agus is mar seo a leanas a dhéantar é:

- Maidir le LCSanna (Caomhnú): 'Chun riocht caomhnaithe fabhrach ghnáthóga larscríbhinn I agus speicis larscríbhinn II nó an dá rud araon a choimeád nó a chur ar ais dá ndearnadh an LCS (Caomhnú) a roghnú'.
- Maidir le LCSanna (Cosaint): 'Chun riocht caomhnaithe fabhrach na speicis éan a choimeád nó a chur ar ais atá liostaithe mar Leas Caomhnaithe Speisialta don LCS (Cosaint)'.

Sa bhreis air sin, baintear stádas caomhnaithe fabhrach (nó riocht, ar leibhéal an láithreáin) amach maidir le gnáthóg nuair a tharlaíonn na nithe a leanas:

- tá a raon nádúrtha, agus an limistéar a gclúdaítear léi laistigh den raon sin, cobhsaí nó ag dul i méid;
- tá an struchtúr sainiúil agus na feidhmeanna sainiúla ann atá riachtanach dá choimeád fadtéarma agus is dócha go mbeidh siad ann go ceann i bhfad; agus
- tá stádas caomhnaithe an speicis thipiciúil dá cuid "fabhrach".

Baintear stádas caomhnaithe fabhrach (nó riocht, ar leibhéal an láithreáin) amach maidir le speiceas nuair a tharlaíonn na nithe a leanas:

- léirítear le sonraí dinimice daonra maidir leis an speiceas atá i gceist go bhfuil sé á choimeád ar bhonn fadtéarma mar chomhpháirt inmharthana dá ghnáthóga nádúrtha; agus
- níl raon nádúrtha an speicis á laghdú agus is dócha nach laghdófar é i gceann i bhfad, agus tá gnáthóg atá mór go leor ann, agus beidh is dócha amach anseo, chun na daonraí dá chuid a choimeád ar bhonn fadtéarma.

Tá liosta iomlán de na CCanna agus na LCanna/LSCanna a bhfuil gach láithreán Eorpach ainmnithe ina leith, mar aon leis na gnéithe agus spriocanna chun na LCanna/LSCanna a choimeád nó a chur ar ais ina riocht caomhnaithe fabhrach ar fáil ar láithreán gréasáin SPNF<sup>4</sup>.

<sup>3</sup> <https://www.npws.ie/protected-sites> [arna rochtain Lúnasa 2023]

<sup>4</sup> <https://www.npws.ie/protected-sites/conservation-management-planning/conservation-objectives> [arna rochtain Lúnasa 2023]

## 3 Forbairt an Phlean Straitéisigh um Sheirbhísí Uisce

### 3.1 Riachtanais an Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce

Ceanglaítear le hAirteagal 33 (4) den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 go luafar in PSSU cuspóirí Uisce Éireann maidir le soláthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann agus maidir leis na bealaí atá beartaithe ag Uisce Éireann chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Mar aon leis sin, sonraíonn an tAcht um Sheirbhísí Uisce na gnéithe de sheirbhísí uisce ar ghá dúinn aghaidh a thabhairt orthu agus is mar seo a leanas atá:

- a) Cáilíocht an uisce óil;
- b) Rioscaí do shláinte an duine nó don timpeallacht a chosc nó a mhaolú, ar rioscaí iad a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce;
- c) An t-éileamh atá ann faoi láthair agus an t-éileamh réamh-mheasta ar sheirbhísí uisce;
- d) Socruithe atá ann faoi láthair agus socruithe atá beartaithe maidir le soláthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann;
- e) Easnaimh atá ann faoi láthair agus easnaimh is intuartha go réasúnach i soláthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann;
- f) Bearta caomhnaithe uisce láithreacha agus atá beartaithe; agus
- g) Maoin Uisce Éireann a bhainistiú.

Leagtar amach sa PSSU an creat uileghabhálach le haghaidh pleananna cur chun feidhme níos mionsonraithe ina dhiaidh sin, lena n-áirítear mar shampla an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU) agus an Straitéis Náisiúnta um Shloda Fuíolluisce agus cláir amhail Clár na mBailte Beaga agus na Sráidbhailte.

### 3.2 PSSU 2050 agus Ordilathas na bPleananna

Is í an **Chreat-Treoir Uisce (CTU)** an Treoir uileghabhálach a bhaineann le beartas uisce san AE. Tagann an PSSU faoi réim na treorach sin, agus tá sé ar cheann de shraith pleananna atá ina threoir maidir le soláthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce in Éirinn mar atá leagtha amach thíos agus i bhFíor 3.1.

- Soláthraíonn an **Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce (RBSU)** an creat ina n-aontaítear na pleananna maoinithe agus infheistíochta. Leagann sé amach tosaíochtaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí uisce le linn thréimhse an Phlean Mhaoinithe Straitéisigh.
- Leagtar amach sa **Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (PSSU)** cuspóirí Uisce Éireann don 25 bliain tar éis don Aire an plean a fhaomhadh agus na bealaí lena mbainfidh Uisce Éireann amach iad.
- Cuirtear i láthair sa **Phlean Maoinithe Straitéisigh (PMS)** na socruithe atá beartaithe ag Uisce Éireann a dhéanamh agus na bearta atá beartaithe thar thréimhse cúig bliana chun cuspóirí an PSSU a chur chun feidhme. Tá an SFP ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cumhdaítear sa PMS reatha an tréimhse ón mbliain 2019 go 2024.
- Cé go leagann an PMS amach an leibhéal pleanáilte de chaiteachas oibríochtúil agus caipitil thar an tréimhse seo, is é an rialtóir eacnamaíoch, an Coimisiún um Rialáil Fónais, a chinneann an caiteachas caipitil oibríochtúil iarbhír tríd an **bpróiseas rialála eacnamaíoch**.
- Tá **pleananna cur chun feidhme** straitéiseacha éagsúla ann atá ina dtreoir d'Uisce Éireann maidir leis an gcaoi a ndéanann siad a gcuid oibre, agus ag leibhéal níos ísle ná na pleananna sin, tá cláir agus tionscadail ar leith acu a chuireann siad i bhfeidhm ar fud na tíre.

Cruthaítear leis an gcreat sin de straitéisí agus de phleananna radharc soiléir trí Uisce Éireann, rud a fhágann go soiléir conas is féidir le tionscadal ar leith tionchar a imirt ar gach ciseal dár n-eagraíocht, go dtí fíis PSSU 2050.



**Fíor 3.1: Idirghníomhaíocht na bpleananna agus na dtionscadal**

### 3.3 Páipéar Saincheistanna don PSSU 2050

Dréachtaíodh Páipéar Saincheistanna chun tacú le forbairt PSSU 2050. Déanann sé achoimre ar na príomh-shaincheistanna a mbeidh tionchar acu ar Uisce Éireann agus ar na seirbhísí a chuirfidh sé ar fáil as seo go ceann 2050. Níl sé i gceist réitigh nó straitéisí a shainiú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin. Cuirfear iad seo i láthair sa Dréacht PSSU 2050 a rachaidh chun comhairliúchán poiblí go luath sa bhliain 2024.

Ciallaíonn saincheist deis nó bagairt, anois nó amach anseo, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go mór ar Uisce Éireann agus ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil dá chustaiméirí.

Sa bhliain 2022, choimisiúnaigh Uisce Éireann Fís 2050, staidéar inar cuimsíodh scanadh córasach, domhain ar cheistanna a bhfuil ar a gcumas dul i bhfeidhm go mór ar earnáil uisce na hÉireann sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2050. D'oibrigh Uisce Éireann le raon páirtithe leasmhara trí agallaimh agus ceardlanna chun an dóigh a bhféadfadh saincheistanna gníomhú agus idirghníomhú le tionchar a imirt ar chásanna amach anseo a aithint agus a fhiosrú.

Agus an t-aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus aschuir ó Fís 2050 mar phointe tosaigh aige, shainiadh Uisce Éireann na saincheistanna is tábhachtaí, dar leis, ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar Uisce Éireann sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2050:

- Athrú aeráide
- Feasacht agus iompraíocht
- Geilleagar ciorclach
- Digitiú, sonraí agus cibear
- Géarchéimeanna timpeallachta agus bithéagsúlachta
- Reachtaíocht, beartas agus rialáil
- Sócmhainní atá ann cheana féin agus cuir chuige nua i leith seirbhísí a sholáthar

D'fhonn na príomh-shaincheistanna sin a aithint, rinne Uisce Éireann sé bhealach a bhreithniú ina bhféadfadh na saincheistanna sin dul i bhfeidhm ar Uisce Éireann agus ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil dár gcuid custaiméirí:

A mhéid a dhéanann saincheist an méid seo a leanas;

1. éileamh ó chustaiméirí ar sheirbhísí reatha a athrú
2. ionchais nó riachtanais nua nó athraithe ó thaobh custaiméirí agus/nó rialtóra a chruthú
3. dul i bhfeidhm go suntasach ar fhoireann Uisce Éireann
4. dul i bhfeidhm go suntasach ar shócmhainní fisiciúla agus ar chórais
5. dul i bhfeidhm go suntasach ar an gcomhshaol nádúrtha
6. cur isteach go mór ar sholáthairtí nó ar shlabhra soláthair Uisce Éireann

#### 3.3.1 Achoimre ar na Seacht Saincheist

Déantar tuilleadh plé ar na seacht saincheist sa Pháipéar Saincheistanna a foilsíodh le haghaidh comhairliúcháin agus déantar achoimre orthu thíos.

##### Saincheist 1 - Athrú Aeráide

Aithnítear an t-athrú aeráide mar “ghéarchéim aeráide” atá ina dhúshlán sainiúil inniu agus do na glúnta atá le teacht. Ag leibhéal reatha na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda, tá an domhan fós ar an mbealach chun tairseacha teochta Chomhaontú Pháras a shárú de 1.5°C nó 2°C os cionn leibhéal réamhthionsclaíocha. Tá aeráid na hÉireann ag athrú ar go leor bealaí; tá an méid báistí a thiteann níos airde ná riamh, tá ardú tagtha ar leibhéal na mara agus tá sruthanna sna haibhneacha ag méadú de ghnáth.

Bíonn tionchar díreach chomh maith le tionchar indíreach ag an athrú aeráide ar Uisce Éireann agus ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Mar shampla, éileamh méadaithe ar uisce, athruithe ar infhaighteacht uisce, riosca méadaithe tuilte abhann agus cósta agus riosca méadaithe creimthe.

## **Saincheist 2 - Feasacht agus Iompraíochtaí**

Is féidir leis an bhfeasacht atá ag custaiméirí, páirtithe leasmhara agus ag an bpobal i gcoitinne ar shaincheisteanna tionchar a imirt ar a n-iompraíocht agus ar a nglacadh le caighdeáin seirbhíse. Dá bhrí sin, is féidir cur go gníomhach le cosaint agus bainistiú inbhuanaithe uisce trí fheasacht a ardú ar shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le huisce agus ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag iompar an duine aonair air seo.

Tá géarghá lena chinntiú go mbeidh uisce mar chuid den ghlaio poiblí chun gnímh seo. Agus dúshláin atá ag dul i méid maidir le ganntanas uisce agus inbhuanaitheacht, tá gá le feasacht níos leithne a chruthú ar luach uisce. Is féidir athrú iompraíochta a spreagadh le comhroinnt eolais, comhoibriú agus comhordú idir na páirtithe leasmhara, chun teagmháil bhríoch a thógáil leis an tsochaí maidir leis an luach tábhachtach atá ag uisce.

## **Saincheist 3 - An Geilleagar Ciorclach**

Samhail táirgeachta agus tomhaltais is ea an geilleagar ciorclach a bhaineann le hábhair agus táirgí atá ann cheana a roinnt, a léasú, a athúsáid, a dheisiú, a athchóiriú agus a athchúrsáil chomh fada agus is féidir. Tá feidhm aige ar gach scála, ó áitiúil go domhanda. Beidh tionchar ag forbairt prionsabail an gheilleagair chiorclaigh ar gach earnáil den tsochaí agus beidh comhoibriú idir geallsealbhóirí ríthábhachtach don aistriú seo in Éirinn.

Is iad seo a leanas roinnt samplaí den chaoi a bhféadfaí earnáil an uisce a athrú trí phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a ghlacadh de réir a chéile; an geilleagar ciorclach a leabú i ndearadh, úsáid éifeachtúil uisce a spreagadh, uisce aisghafa (fuíolluisce cóireáilte) a athúsáid, acmhainní a bhaineann le fuíolluisce agus le sloda a úsáid, níos lú ábhair intomhalta a úsáid, fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus a úsáid, agus an dúlra a chosaint agus a thabhairt ar ais mar a bhí.

## **Saincheist 4 - Digitiú, Sonraí agus Cibear**

Cuireann fás ar réitigh a bhaineann leas as sonraí agus as digitiú, as uathoibriú agus as róbataic deiseanna ollmhóra ar fáil d'earnáil an uisce. Baineann na deiseanna seo le feidhmíocht, éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht, costas agus teagmháil le custaiméirí. Is deis shuntasach é feidhmiú sonraí agus teicneolaíochtaí digiteacha agus réitigh a ailíniú ar fud na hearnála uisce agus níos faide i gcéin freisin chun níos mó a bhaint amach ná mar is féidir le heagraíochtaí leo féin. Cruthaíonn an claoclú leathan seo a imríonn tionchar ar an ngeilleagar iomlán dúshláin freisin i bhfoirm na cibearshlándála agus sláine sonraí.

## **Saincheist 5 - Géarchéimeanna Comhshaoil agus Bithéagsúlachta**

Cé gur fhógair Éire éigeandáil aeráide agus bhithéagsúlachta sa bhliain 2019, creideann an GCC nach mbainfear amach go leor de na spriocanna comhaontaithe comhshaoil atá ag Éirinn sa ghearrthéarma nó go ndéanfar iad a sholáthar go déanach. In ainneoin dul chun cinn i réimsí áirithe, creideann an GCC nach leor scála agus luas na bhfeabhsuithe atá á ndéanamh chun cuspóirí fadtéarmacha AE agus náisiúnta a bhaint amach maidir le cáilíocht uisce, cáilíocht an aeir, cosaint an dúlra agus laghdú astuithe.

Shainaithin Rialtas na hÉireann cúig phríomhchúis le cailteanas bithéagsúlachta in Éirinn. Is iad seo a leanas iad; dianchleachtais talmhaíochta agus foraoiseachta, ró-iascaireacht, speicis ionracha, athruithe in úsáid talún, agus róshaothrú acmhainní amhail thailte móna.

Scaoileann rith chun srutha talmhaíochta leasacháin agus lotnaidicídí isteach i ndobharlaigh, scaoileann rith chun srutha uirbeach truailléain agus dríodar isteach sa timpeallacht, agus i gcás sceitheadh fuíolluisce

isteach sna haibhneacha, mura bhfuil sé cóireáilte i gceart, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar aige ar Uisce Éireann ar go leor bealaí; cóireáil uisce, bainistiú fuíolluisce agus bainistiú uisce stoirme.

### **Saincheist 6 - Reachtaíocht, Beartas agus Rialáil**

Beidh tionchar suntasach ag athrú reachtaíochta, beartais agus rialála amach anseo ar an gcaoi a gcuireann Uisce Éireann a gcuid seirbhísí ar fáil. Spreagfaidh na hathruithe sin ionchais agus riachtanais nua, agus is dócha go mbeidh iarmhairtí acu seo ar shócmhainní fisiceacha de chuid Uisce Éireann, ar na gnéithe den timpeallacht nádúrtha ar a bhfuil Uisce Éireann ag brath agus ar shlabhra soláthair na n-eagraíochtaí a thacaíonn leo. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo beidh gá le cur chuige sruthlínithe a dhíríonn ar phríomhcheisteanna, agus cur chuige comhordaithe agus comhoibríoch ar fud eagraíochtaí agus earnálacha.

Tá sé mar aidhm ag Uisce Éireann a bheith chun tosaigh maidir le hearnáil uisce inbhuanaithe a fhorbairt agus dá bharr sin, cinntíonn siad go bhfuil siad in ann dul in oiriúint d'athruithe ar an gcaoi a ndéantar an earnáil a rialú.

### **Saincheist 7 - Sócmhainní Atá Ann Cheana agus Cuir Chuige Nua i leith Seirbhísí a Sheachadadh.**

Tá an bonneagar uisce atá ag Uisce Éireann faoi láthair ag dul in aois agus is gá cothabháil shuntasach a dhéanamh ar a gcuid sócmhainní agus/nó iad a athsholáthar ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh lena gcuid seirbhísí a sholáthar ar leibhéal cuí. Suiteáladh cuid mhór den bhonneagar uisce in Éirinn fiche nó tríocha bliain ó shin agus teastaíonn deisiúchán, athsholáthar nó uasghrádú.


Ag an am céanna, cuireann réitigh chomhtháite nua amhail bonneagar gorm/glas a bhaineann leas as próisis nádúrtha agus/nó a dhéanann aithris ar phróisis nádúrtha, agus cuir chuige nua chun réitigh a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara iomadúla, deiseanna ar fáil chun seirbhísí Uisce Éireann a sholáthar ar bhealaí éagsúla lena mbaineann tairbhe níos mó don phobal.

Beidh tionchar ag riachtanais inbhuanaitheachta, teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn, fás daonra, athrú aeráide agus rialáil chomh maith le hionchais níos leithne na sochaí ar an gcaoi a dtéann Uisce Éireann i dtaithe ar sholáthar seirbhísí ar chostais inghlactha amach anseo.

### **3.3.2 Achoimre ar na Ceithre Théama**

Is é an smaoineamh tosaigh atá ag Uisce Éireann ná gur féidir aghaidh a thabhairt ar na **seacht bpríomhcheist** trí **cheithre théama**, a chuirtear i láthair i (bhFíor 3.2) agus a dhéantar achoimre orthu thíos.





### Fíor 3.2 Páipéar Saincheisteanna PSSU 2050 – ceithre théama ina dtugtar aghaidh ar sheacht saincheist

#### Téama 1 - Uisce óil sábháilte agus iontaofa

Tá soláthairtí uisce sábháilte agus iontaofa riachtanach do shláinte an phobail agus don dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch. Ní mór an t-uisce atá ag teastáil a asbhaint ó fhoinsí uisce dromchla nó screamhuisce agus é a chóireáil ar ardchaighdeán sula ndéantar é a dháileadh trí ghréasán fairsing de phríomhlíonraí uisce ar theaghlaigh agus ar ghnóthaí. Príomhriachtanas d’Uisce Éireann is ea cáilíocht agus iontaofacht soláthairtí uisce a chinntiú.

#### Téama 2 - Ár gcomhshaol a chosaint agus a athchóiriú

Tá sé ríthábhachtach cáilíocht na timpeallachta uisce a chosaint agus a athchóiriú chun seirbhísí uisce sábháilte a sholáthar agus chun sláinte an duine agus bithéagsúlacht a chosaint. Tá sé ríthábhachtach freisin córas éifeachtach bainistíochta fuíolluisce a chinntiú chun an comhshaol agus sláinte an phobail a chosaint.

Trí oibriú le daoine eile chun an timpeallacht uisce a chosaint agus a athchóiriú, is féidir le hUisce Éireann an gá le cóireáil uisce a laghdú agus tacú le gníomhaíochtaí áineasa, bithéagsúlacht, turasóireacht agus carachtar nádúrtha ár dtuaithe.

#### Téama 3 - Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar

Ní mór d’Uisce Éireann ionchais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh trí sheirbhísí iontaofa ardchaighdeán uisce agus fuíolluisce a sholáthar, a sholáthraítear trí chórais athléimneacha, ar bhealach eacnamaíoch agus éifeachtach, a léiríonn na leibhéil seirbhíse a mbíonn ár gcustaiméirí ag súil leo. Tá seirbhísí ardchaighdeán

uisce agus fuíolluisce tábhachtach freisin maidir le hiomaíochas na hÉireann do ghníomhaíocht tionscail agus tráchtála a chothabháil.

#### **Téama 4 - Seirbhísí athléimneacha oiriúnach don todhchaí**

Tá sé mar aidhm ag cur chuige Uisce Éireann maidir le bainistiú ár sócmhainní an luach a fhaightear uathu a bharrfheabhsú trí fheidhmíocht, riosca agus costas a bharrfheabhsú thar shaolré na sócmhainní. Is trí thuiscint níos fearr a chur ar shláinte sócmhainní agus trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua atá Uisce Éireann in ann a shócmhainní reatha a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus infheistiú a dhíriú ar shócmhainní nua nuair is mó a bhfuil gá leis.



## 4 Céim 1 Scagadh

Rinneadh an Scagadh seo le haghaidh MC a threorú ag staidéar deisce ar an bhfaisnéis timpeallachta ábhartha a bhí ar fáil agus bhí na céimeanna a leanas i gceist leis (bunaithe tríd is tríd ar (An Coimisiún Eorpach, 2021)):

- Fáil amach an bhfuil nó nach bhfuil baint dhíreach ag an bPlean molta le bainistiú an láithreáin agus an bhfuil nó nach bhfuil sé riachtanach don bhainistiú sin;
- Cur síos ar an bplean atá molta;
- Láithreán Eorpach (láithreáin Eorpacha) ábhartha a shainithint;
- Iarmhairtí dóchúla a mheasúnú maidir le láithreáin Eorpacha; agus
- Conclúid an scagtha.

### 4.1 An bhfuil PSSU 2050 Díolmhaithe ó Mheasúnú?

Cé go bhféachfaidh PSSU 2050 leis an timpeallacht a chosaint, ní plean é atá riachtanach chun aon láithreán Eorpach a bhainistiú agus dá bhrí sin níl sé díolmhaithe ó mheasúnú faoi na Rialacháin um Ghnáthóga, 2011.

### 4.2 Cur Síos ar an PSSU 2050

Leagtar amach forléargas ar an PSSU 2050 agus ar a fhorbairt i Rannóg 3 thuas.

### 4.3 Láithreáin Eorpacha ábhartha a Shainithint

#### Líonra Láithreáin Natura 2000 in Éirinn

Tugtar láithreáin Eorpacha ar láithreáin atá laistigh de Líonra Natura 2000 agus cuimsíonn siad LCSanna (Caomhnú) agus LCSanna (Cosaint). Ainmnítear LCSanna (Caomhnú) chun Leasanna Cáilitheacha (LCanna), gnáthóga larscríbhinn I agus speicis larscríbhinn II (seachas éin) a chaomhnú. Ainmnítear LCSanna (Cosaint) le haghaidh éin larscríbhinn I agus éin imirceacha eile a bhíonn ann go rialta agus na gnáthóga dá gcuid a chaomhnú. Tá baint ag líonra láithreáin Natura 2000 in Éirinn le 125 speiceas agus le 60 gnáthóg. Níl ach gné amháin faoi chosaint i gcás 101 láithreán sa líonra agus tá níos mó ná 20 gné faoi chosaint i gcás 79 láithreán eile.

Tá níos mó ná 430 LCS (Caomhnú) in Éirinn agus tá achar 13,500km<sup>2</sup> iontu le chéile (féach Fíor 4.1 agus an Tuarascáil um Scagadh, Aguisín A). Tá thart ar 53% acu ar thalamh, agus is láithreáin uisceacha ina n-iomláine nó láithreáin atá spleách ar uisce (lochanna, linnte, taiscumair, aibhneacha, srutháin agus bogaigh) an chuid eile díobh. Beidh ábharthacht faoi leith ag baint le speicis agus gnáthóga uisceacha agus le speicis a bhraitheann ar na gnéithe seo in PSSU 2050. Ainmníodh níos mó ná na 150 LCS (Cosaint) (féach Fíor 4.1 agus Aguisín A) chun cosaint a thabhairt do speicis éan agus do na gnáthóga a úsáideann siad, agus tá níos mó ná 570,000 heicteár de ghnáthóga muirí agus talún sna limistéir sin. Baineann gnáthóg uisceach thacúil le cuid mhór de na láithreáin atá ainmnithe mar LCSanna (Cosaint).

D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairtí tras-teorann ar LCSanna (Caomhnú) agus ar LCSanna (Cosaint) i dTuaisceart Éireann agus dá bhrí sin, cuirtear na láithreáin sin san áireamh freisin (féach Fíor 4.1 agus Aguisín A). Tá miondealú ar láithreáin Eorpacha in Éirinn ar fáil i dTábla 4.1.

**Tábla 4.1: Líon na Láithreán Eorpach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann**

Poblacht na hÉireann	Tuaisceart Éireann
433 LCSanna (Caomhnú) + 6 LCS (Caomhnú) eile amach ón gcósta	58 LCSanna (Caomhnú)
166 LCSanna (Cosaint)	16 LCSanna (Cosaint)

### Limistéir Chaomhantais Speisialta

Cuimsíonn na láithreáin a ainmníodh mar LCSanna (Caomhnú) cineálacha gnáthóg atá aitheanta in larscríbhinn I den Treoir, agus ainmníodh 16 cinn de na gnáthóga sin mar ghnáthóga ‘tosaíochta’ mar gheall ar a leochaileacht éiceolaíoch (SPNF, 2019a). Sa bhreis air sin, aithnítear 26 speiceas larscríbhinn II leis an Treoir chéanna. Áirítear leis na gnáthóga a bhfuil LCSanna (Caomhnú) ainmnithe ina leith lochanna, portaigh ardaithe, bratphortaigh, turlaigh, dumhcha, aibhneacha, coillearnaí, inbhir srl. Ainmníodh láithreáin mar LCSanna (Caomhnú) mar gheall ar speicis ar leith iontu, agus is iad seo leanas cuid acu; bradáin Atlantach (*Salmo salar*), madra uisce (*Lutra lutra*), deilf bholgshrónach (*Tursiops truncatus*), diúilicín péarla fionnuisce (*Margaritifera margaritifera*) agus raithneach Chill Airne (*Trichomanes speciosum*).

Tá 44 chineál de ghnáthóga éagsúla atá spleách ar uisce mar aon le 22 speiceas atá spleách ar uisce sainaitheanta leis an PNAU. Tá an diúilicín péarla fionnuisce ar cheann acu sin, agus áirítear mar speiceas an-íogair é atá spleách ar uisce dromchla in Éirinn, agus tá an líon díobh ag titim (GCC, 2020). Tá ceann amháin ar a laghad de ghnáthóga larscríbhinn I nó de speicis larscríbhinn II atá spleách ar uisce agus atá liostaithe mar Leas Cáilitheach (Mayes, 2008) ar fáil in 367 LCS (Caomhnú) in Éirinn.

### Limistéir faoi Chosaint Speisialta

Áirítear an chuid is mó de na héin mhara ghoir agus de na héin uisce gheimhrithe mar éin imirceacha a thagann anseo go rialta; is le grúpa na n-éan mara goir agus le grúpa na n-éan uisce geimhrithe a bhaineann níos mó ná 60% de 25 speiceas atá liostaithe in larscríbhinn I agus a fhaightear in Éirinn ar bhonn rialta. Is mar gheall air sin, go pointe áirithe, a bhfuil an chuid is mó (>80%) de LCSanna (Cosaint) na hÉireann ainmnithe go speisialta le haghaidh an dá ghrúpa éan sin (SPNF, n.d.<sup>5</sup>).

Áirítear leis na limistéir mhuirí laistigh de LCSanna (Cosaint) roinnt de na criosanna idirthaoideacha muirí táirgiúla de chuain agus d’inbhir agus soláthraítear acmhainní bia luachmhara leo sin do roinnt speiceas lapairí geimhrithe, lena n-áirítear circín trá (*Calidris alpina*), cnota (*Calidris canutus*) agus guilbneach stríocearrach (*Limosa lapponica*). Áirítear freisin i líonra LCSanna (Cosaint) uiscí muirí in aice le coilíneachtaí d’éin mhara ghoir agus limistéir thábhachtacha eile do lómaí, lacháin mhara agus foithigh.

Cuimsíonn na LCSanna (Cosaint) eile láithreáin i mbogaigh intíre atá tábhachtach d’éin uisce ghoir agus limistéir fairsinge de bhratphortach agus de ghnáthóga sléibhe lena soláthraítear acmhainní goir agus seilge do speicis lena n-áirítear an meirliún (*Falco columbarius*) agus an fheadóg bhuí (*Pluvialis apricaria*). Faightear talamh talmhaíochta i gcuid de na láithreáin sa líonra de LCSanna (Cosaint), idir thalamh feirme fairsing ar limistéir shléibhe áit a gcuirtear deiseanna seilge nó goir ar fáil le fála sceaigh, féarach fluich agus scrobarnach do chromán na gcearc (*Circus cyaneus*) agus limistéir pholdar ar an gcósta ar a ndéantar dian-fheirmeoireacht ina mbíonn líonta de thábhacht idirnáisiúnta de ghéanna agus d’ealaí.

### An Chreat-treoir Uisce


Tá roinnt de na gnéithe céanna ann agus atá sa Treoir maidir le hÉin, sa Treoir AE maidir le Gnáthóga agus sa Chreat-treoir Uisce (CTU) maidir le gnáthóga agus speicis atá spleách ar uisce a chosaint. Faoin CTU ainmnítear limistéir le haghaidh gnáthóga nó speicis a chosaint ina bhfuil coimeád nó feabhsú stádas an uisce ina fhachtóir tábhachtach maidir lena gcosaint, agus láithreáin Eorpacha ábhartha san áireamh. Pléadh

na naisc idir an Treoir maidir le Gnáthóga agus Éin agus an CTU i ndoiciméad arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach (2011) ina bhfuil sé luaite:

*“Maidir le láithreán Natura 2000 ar bith lena mbaineann cineálacha gnáthóg larscríbhinn I nó speicis larscríbhinn II atá spleách ar uisce (screamhuisce nó uisce dromchla nó an dá rud araon) faoin Treoir maidir le Gnáthóga nó lena mbaineann speicis éan larscríbhinn I atá spleách ar uisce nó speicis éan imirceach faoin Treoir maidir le hÉin, agus, nuair is í láithreach na speiceas nó na ngnáthóg sin an chúis le hainmniú an limistéir faoi chosaint sin, ní mór an láithreán sin a chur san áireamh maidir leis an gclár de limistéir faoi chosaint faoin CTU, Airteagal 6. Déantar na limistéir sin a achoimriú mar “láithreáin Natura 2000 atá spleách ar uisce”. Tá cuspóir TÉG agus CTU infheidhme maidir leis na láithreán Natura 2000 sin.”*



<sup>5</sup> <https://www.npws.ie/protected-sites> [arna rochtain Lúnasa 2023]



**Fíor 4.1: Dáileadh Láithreán Eorpach in Oileán na hÉireann**



#### 4.4 Gnéithe de PSSU 2050 a d'fhéadfadh Iarmhairtí Suntasacha Dóchúla a bheith mar Thoradh orthu

Is plean ardleibhéal é an PSSU 2050 maidir le forbairt na seirbhísí uisce in Éirinn. Is straitéis náisiúnta í nach dtagraíonn do shuíomhanna geografacha ar leith ná do thionscadail ar leith. Mar sin féin, tabharfar léiriú éigin in PSSU 2050 ar na cineálacha riachtanas bonneagair a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo trí phleananna níos mionsonraithe ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, mar shampla, an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce agus an Straitéis Náisiúnta um Shloda Fuíolluisce agus aon chlár agus tionscadail shonracha a chuirfear chun cinn mar chuid de na pleananna sin. Chomh maith leis sin, gheofar léargas táscach ann ar na cuspóirí ginearálta d'Uisce Éireann thar thréimhse 25 bliain.

Os rud é gur plean ardleibhéal é PSSU 2050, ní dócha go mbeidh iarmhairtí suntasacha dóchúla (ISDanna) ar láithreáin Eorpacha mar thoradh air, ach d'fhéadfadh sé go mbeidís mar thoradh ar na cineálacha gníomhaíochtaí a bheidh ar bun ag Uisce Éireann le linn chur i bhfeidhm PSSU 2050 agus mar thoradh ar an gcur i bhfeidhm sin. Is féidir na gníomhaíochtaí seo a rangú ina dhá ghrúpa leathana, a bhaineann le soláthar uisce nó le cóireáil fuíolluisce (Tábla 4.2). D'fhéadfadh iarmhairtí a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí eile freisin agus is iad seo a leanas iad; caomhnú uisce agus bainistíocht ar éileamh, bainistíocht abhantrach agus bearta tacaíochta nó gaolmhara eile chomh maith le bainistíocht réadmhaoine.

**Tábla 4.2: Gníomhaíochtaí Ginearálta Uisce Éireann**

Gníomhaíocht Ginearálta	Gníomhaíochtaí Sonracha
Soláthar Uisce	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Astarraingt (Amh)uisce (ó uisce dromchla nó screamhuisce).</li> <li>• Amhuisce a chóireáil chun go mbeidh sé inólta (braithfidh an leibhéal cóireála a bheidh ag teastáil ar chaighdeán an amhuisce a astarraingeofar).</li> <li>• Uisce agus amhuisce a stóráil.</li> <li>• Uisce cóireáilte a sholáthar do chustaiméirí trí líonra píobán.</li> <li>• Iarmharaigh ó chóireáil uisce a bhainistiú.</li> <li>• Tógáil, oibriú, cothabháil agus bainistíocht a bhaineann leis na nithe thuasluaite.</li> </ul>
Cóireáil Fuíolluisce	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Amhuisce a bhailiú ó chustaiméirí a bhfuil a bpíblínthe fuíolluisce ceangailte leis an líonra séarachais poiblí.</li> <li>• Uisce dromchla a bhailiú agus a chóireáil i gcás draenacha uisce dromchla atá ceangailte leis an líonra séarachais poiblí faoi láthair.</li> <li>• Fuíolluisce a chóireáil chun go gcloífidh sé leis an gcaighdeán atá leagtha síos sa reachtaíocht (beidh an leibhéal cóireála a theastaíonn ag brath ar chineál an uisce ghlactha agus ar a acmhainn asamhlaithe).</li> <li>• Fuíolluisce cóireáilte a sceitheadh chuig uisce dromchla nó chuig screamhuisce faoi cheadúnas/dheimhniú.</li> <li>• Bainistíocht Sloda Fuíolluisce.</li> <li>• Tógáil, oibriú, cothabháil agus bainistíocht a bhaineann leis na nithe thuasluaite.</li> </ul>

Tugtar breac-chuntas i dTábla 4.3 ar na hiarmhairtí suntasacha féideartha a bhaineann le PSSU 2050. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm PSSU 2050 a bheith ina chúis le bearta, agus in éagmais maolaithe, d'fhéadfadh roinnt conairí le haghaidh iarmhartaí féideartha a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear na nithe a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- básmhaireacht speiceas;
- cailteanas nó ilroinnt gnáthóg;
- bacainní ar ghluaiseacht speiceas;
- corraíl (torann, creathadh, gluaiseacht, soilsiú);
- athruithe ar cháilíocht an uisce;
- athruithe ar an hidreolaíocht, agus
- aistriú speiceas neamhdhúchasach.

D'fhéadfadh iarmhairtí a bheith gearrthéarmach nó fadtéarmach, agus i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh iarmhairtí gearrthéarmacha a bheith ina gcúis le hiarmhairtí fadtéarmacha ar leas cáilitheach.

Tugtar tuilleadh eolais thíos faoi iarmhairtí féideartha, faoi chonairí agus faoi thionchair. Tugtar achoimre ar thionchair agus ar ISDanna féideartha i dTábla 4.3.

### **Básmhaireacht Speiceas**

D'fhéadfadh speicis bás a fháil agus gníomhaíochtaí a bhaineann le tógáil bonneagair ar bun nó mar thoradh ar athruithe ar cháilíocht an uisce. D'fhéadfadh básmhaireacht tarlú freisin mar gheall ar chailliúint speiceas creiche nó mar gheall ar ilroinnt gnáthóg, rud a chuireann bacainní ar ghluaiseacht speiceas.

### **Cailteanas/Ilroinnt Gnáthóige agus Bacainní ar Ghluaiseacht**

D'fhéadfadh bonneagar nua a bheith ina chúis le cailteanas gnáthóige agus/nó le hilroinnt gnáthóige (lena n-áirítear gnáthóga a thacaíonn le leasanna cáilitheacha). D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chúis freisin le bacainní ar ghluaiseacht speiceas, amhail an bradán, agus seans go dtiocfadh athruithe ar líon na speiceas dá bharr sin nó seans go gcaillfí ar fad iad. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag na hiarmhairtí seo freisin ar speicis chreiche na leasanna cáilitheacha.

D'fhéadfadh astarraingt uisce nua nó mhéadaithe a bheith ina cúis freisin le cailteanas agus/nó le hilroinnt gnáthóg.

### **Cur Isteach**

D'fhéadfadh tógáil bonneagair a bheith ina cúis le cur isteach ar speicis m.sh. líon agus/nó dáileadh na speicis sin a athrú. D'fhéadfadh torann agus creathadh, soilsiú agus gluaiseacht, mar shampla, a bheith ina gcineálacha cur isteach. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag an gcur isteach seo ar speicis ainmhithe talún/uisceacha ar fud raon leathan de gnáthóga agus de shuíomhanna. D'fhéadfadh an cur isteach seo a bheith gearrthéarmach nó fadtéarmach, ag brath ar chineál an bhonneagair.

### **Athruithe ar Cháilíocht an Uisce**

D'fhéadfadh athruithe ar cháilíocht an uisce tarlú ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear doirteadh agus rith chun srutha, dríodrú agus sceitheadh fuíolluisce. D'fhéadfadh na hathruithe seo tarlú le linn bonneagar nua a thógáil nó mar thoradh ar athruithe ar shreafaí uisce (a gcúrsa). D'fhéadfadh speicis cháilitheacha agus/nó a gcreach bás a fháil mar thoradh ar athruithe ar cháilíocht an uisce. D'fhéadfaí gnáthóga cáilitheacha nó tacaíochta a chailleadh mar thoradh air seo chomh maith.

### **Athruithe ar an Hidreolaíocht**

D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar díreach ag athruithe hidreolaíochta ar ghnáthóga uisceacha, is é sin, feidhmiúlacht éiceolaíoch na gcóras sin agus na speicis a bhraitheann orthu a athrú. D'fhéadfadh athruithe hidreolaíochta a bheith ina gcúis le hathruithe ar dháileadh gnáthóg, agus bheadh tionchar aige seo ar

dháileadh agus ar líon na speiceas. D'fhéadfadh athruithe hidreolaíocha tarlú mar thoradh ar astarraingtí nua nó méadaithe, nó mar thoradh ar bhonneagar nua.

### **Aistriú Speiceas Neamhdhúchasach**

D'fhéadfadh aistriú speiceas neamhdhúchasach a bheith ann mar thoradh ar dháileadh agus aistriú uisce agus mar thoradh ar bhailiú, cóireáil agus doirteadh fuíolluisce. D'fhéadfadh na speicis seo gnáthóga a athrú, más speicis ionracha iad. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar díreach ag na hathruithe seo ar ghnáthóga cáilitheacha agus ar speicis cháilitheacha nó ar fheidhmiúlacht éiceolaíoch na gcóras.



**Tábla 4.3: Iarmhairtí Féideartha agus ISDanna mar thoradh ar na gnáthghníomhaíochtaí a bhaineann le PSSU 2050**

Gníomhaíochtaí a bhaineann le PSSU	Iarmhairtí Féideartha	ISD Féideartha agus Conairí
<p><b>Astarraingtí uisce nua nó méadaithe</b> <sup>126</sup> fhoinsí uisce dromchla nó screamhuisce.</p>	<p>Laghdú limistéir gnáthóige lena n-áirítear caillteanas iomlán gnáthóige chomh maith le hathrú gnáthóige.</p> <p>Laghdú ar líon na speiceas (lena n-áirítear speicis chreiche), agus athruithe ar dháileadh speiceas nó caillteanas iomlán mar thoradh air sin.</p>	<p>Nuair a bheadh astarraingtí nua de dhíth tá an poitéinseal ann le haghaidh iarmhairtí díreacha, indíreacha, tógála, oibriúcháin agus carnacha maidir le LCSanna (Caomhnú) agus LCSanna (Cosaint) in éagmais maolaithe. Is iad na gabhdóirí uisceacha nó na gabhdóirí atá spleách ar uisce is mó a bheadh i gcontúirt.</p> <p>D'fhéadfadh athruithe teacht ar ghnáthóga agus ar na speicis a bhraitheann orthu agus bheadh sé seo ina chúis le hathruithe ar líon agus ar dháileadh na speiceas sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar aige seo freisin ar speicis chreiche na leasanna cáilitheacha.</p> <p>Tá seans ann go mbeidh tionchar ag astarraingtí ar gach láithreán atá nasctha go hidreolaíocht leo agus ina bhfuil speicis atá spleách ar uisce dromchla agus/nó ar screamhuisce.</p>
<p><b>Tógáil bonneagair nua le haghaidh seirbhísí uisce lena n-áirítear taiscumair, píblínte agus ionaid chóireála fuíolluisce.</b></p>	<p>Básmhaireacht speiceas (lena n-áirítear speicis chreiche).</p> <p>Caillteanas limistéir gnáthóige nó athrú air.</p> <p>Cur isteach (gearrthéarmach nó fadtéarmach) ar speicis.</p> <p>Ilroinnt gnáthóige lena n-áirítear bacainní ar ghluaiseacht speiceas.</p> <p>Athruithe hidreolaíocha ar thimpeallachtaí uisceacha.</p> <p>Aistriú speiceas neamhdhúchasach ionrach.</p>	<p>Athruithe ar an hidreolaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hathruithe ar an timpeallacht uisceach agus bheadh tionchar aige seo ar ghabhdóirí uisceacha.</p> <p>D'fhéadfadh athruithe teacht ar ghnáthóga agus ar na speicis a bhraitheann orthu agus bheadh sé seo ina chúis le hathruithe ar líon agus ar dháileadh na speiceas sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar aige seo freisin ar speicis chreiche na leasanna cáilitheacha.</p> <p>D'fhéadfadh speicis neamhdhúchasacha ionracha a bheith ina gcúis le cineál nua gnáthóige agus/nó speicis nua i láithreáin in ionad na gcineálacha a bhí ann cheana féin, agus d'athródh sé seo feidhmiúlacht éiceolaíoch na láithreán.</p> <p>Tá an poitéinseal ann le haghaidh iarmhairtí díreacha, indíreacha, tógála, oibriúcháin agus carnacha maidir le LCSanna (Caomhnú) agus LCSanna (Cosaint) in éagmais maolaithe.</p>
<p><b>Sceitheadh fuíolluisce cóireáilte</b></p>	<p>Laghdú limistéir gnáthóige.</p> <p>Laghdú ar dhlús speiceas.</p> <p>Ilroinnt gnáthóg.</p>	<p>Tá an poitéinseal ann le haghaidh iarmhairtí díreacha, indíreacha, tógála, oibriúcháin agus carnacha maidir le LCSanna (Caomhnú) agus LCSanna (Cosaint) a bhfuil gnáthóga iontu atá</p>

<sup>12</sup> Ag deireadh na bliana 2022, rith an rialtas an tAcht um Chomhshaol Uisce (Astógálacha agus Gaibhnithe Gaolmhara), 2022 (an tAcht Astógálacha), lena gcinnteofar go mbeidh astarraingtí náisiúnta ag comhlíonadh cheanglais na Creat-Treorach Uisce. Níl tús curtha leis an Acht Astógálacha go fóill agus níl na rialacháin agus na treoirínte gaolmhara lena dtabharfar sonraí breise faoi na cineálacha measúnaithe agus modheolaíochta náisiúnta a bheidh le húsáid foilsithe nó i bhfeidhm fós.

Gníomhaíochtaí a bhaineann le PSSU	Iarmhairtí Féideartha	ISD Féideartha agus Conairí
		<p>spleách ar uisce agus speicis iontu a bhfuil nasc hidreolaíoch acu le hionaid chóireála fuíolluisce.</p> <p>D'fhéadfadh athruithe teacht ar ghnáthóga agus ar na speicis a bhraitheann orthu agus bheadh sé seo ina chúis le hathruithe ar líon agus ar dháileadh na speiceas sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar aige seo freisin ar speicis chreiche na leasanna cáilitheacha. Is iad na gabhdóirí uisceacha nó na gabhdóirí atá spleách ar uisce is mó a bheadh i gcontúirt.</p> <p>Tá an poitéinseal ann le haghaidh iarmhairtí díreacha, indéreacha, oibriúcháin agus carnacha maidir le LCSanna (Caomhnú) agus LCSanna (Cosaint) in éagmais maolaithe.</p>

## 4.5 Iarmhairtí i gcomhar le chéile

Is gá iarmhairtí a bhaineann le PSSU 2050 i gcomhar le pleananna agus le tionscadail eile a mheas d'fhonn ceanglais Airteagal 6(3) den Treoir AE maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh. Táimid tar éis pleananna eile a mheas ag an gcéim seo de PSSU 2050, ar pleananna ábhartha iad atá ar comhleibhéal straitéiseach leis agus lena mbaineann an fhéidearthacht shoiléir le haghaidh iarmhairtí i gcomhar le chéile ar Láithreáin Eorpacha. Áirítear leis na pleananna seo an méid seo a leanas:

- Ag Climatise – Treochlár i dTreo Aeráidneodrachta (RTBM).
- Clár Measúnachta agus Bainistíochta Riosca Tuilte Abhantraí.
- Plean Gníomhachta ar son na hAeráide 2023 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)).
- Clár Foraoiseachta 2023-2027 (RTBM).
- An Creat Náisiúnta um Oiriúnú. (CNO) (RCAC).
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021 (SPNF).
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 (Roinn Caiteachais Phoiblí, Soláthair PFN agus Athchóirithe).
- An Creat Náisiúnta Pleanála Muirí (An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ)).
- Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna 2015 (SPNF).
- An Creat Náisiúnta Pleanála, Tionscadal Éireann 2040 (RTPRÁ).
- Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 agus Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 (RTPRÁ).
- Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2020 (RCAC).
- Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce - Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide (RTRÁO).

Nuair a chuirtear san áireamh an mioneolas ar fad atá curtha ar fáil le haghaidh PSSU 2050 agus na hiarmhairtí suntasacha dóchúla (Tábla 4-3) a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar PSSU 2050 a chur i bhfeidhm, ní féidir iarmhairtí i gcomhar le chéile a chur as an áireamh faoi láthair. Chomh maith leis sin, tá roinnt pleananna, amhail Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027, á bhforbairt agus d'fhéadfadh eolas breise a bheith ar fáil níos déanaí.

Áireofar na pleananna seo a leanas de chuid Thuaisceart Éireann agus an RA sa mheasúnacht chomhcheangail:

- Dréacht-Straitéis Timpeallachta.
- NI Water (2020) Our Strategy 2021-2046.
- NI Water (2020) Plean Acmhainní Uisce agus Athléimneachta Soláthair.
- Uisce Inbhuanaithe – Straitéis uisce fhadtéarmach do Thuaisceart Éireann (2015 – 2040).

- Dréachtphlean um Bainistíocht Riosca Tuilte 2021-2027 (TÉ).
- Ráiteas Beartais Mara na Ríochta Aontaithe.
- An Dréachtphlean Bainistíochta Abhantrach don 3ú timthriall 2021-2027 (TÉ).

Déanfar athbhreithniú ar phleananna agus cláir Uisce Éireann féin chun teacht leis an PSSU 2050 de réir mar a chuirtear chun feidhme iad agus mar a nuashonraítear iad amach anseo agus mar sin, is gnách go mbreithnítear iad i dtéarmaí measúnacht in-phlean.





## 5 Conclúid an Scagtha

Baineann Céim 1 den phróiseas MC (Scagadh le haghaidh MC) le PSSU 2050 agus tá cur síos air anseo istigh.

Údarás poiblí is ea Uisce Éireann a bhfuil ceanglas air faoi na Rialacháin maidir le Gnáthóga gach plean agus tionscadal dá chuid a scagadh. Ciallaíonn sé sin go raibh PSSU 2050 faoi réir cheanglais na Rialachán sin, agus dá bhrí sin go raibh ar Uisce Éireann impleachtaí PSSU 2050 do láithreáin Eorpacha a mheas i bhfianaise na gcuspóirí caomhnaithe a bhaineann leis na láithreáin sin.

Níl PSSU 2050 ceangailte go díreach le bainistiú aon láithreáin Eorpaigh ná níl sé riachtanach don bhainistiú sin.

Ós rud é gur plean straitéiseach é PSSU 2050 agus mar gheall ar chéim reatha an ullmhúcháin, meastar go bhfuil an poitéinseal ann le haghaidh iarmhairtí suntasacha dóchúla ar láithreán Eorpach amháin nó níos mó, i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe na láithreán sin. Tá gach láithreán Eorpach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann curtha san áireamh le haghaidh scagtha ag an gcéim seo den phróiseas MC.

Ní mór an prionsabal réamhchúramach a chur i bhfeidhm in éagmais faisnéis níos mionsonraithe faoi PSSU 2050. Dá bhrí sin, de réir Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, tá Céim 2 den MC ar PSSU 2050 ag teastáil. Cuirfear é sin ar fáil in RTN chun bonn eolais cuimsitheach a chur faoin MC a dhéanfaidh Uisce Éireann.



## 6 Tagairtí

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta (2012). Ráitis Tionchair Natura Muirí i Limistéir Chaomhantais Speisialta, Doiciméad Oibre. Aibreán 2012.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil (2010). Measúnacht Chúí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn, Treoir do na hÚdaráis Phleanála.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2020). State of the Environment report. Ar fáil ag: <https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/assessment/irelands-environment/state-of-environment-report/>

An Coimisiún Eorpach (2005). Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPrionsabal Réamhchúramach. Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, Lucsamburg.

An Coimisiún Eorpach (2007). Treirdhoiciméad maidir le hAirteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE. Soiléiriú na gCoincheap de Réitigh Mhalartacha, Cúiseanna Ordaitheacha de Leas Sáraitheach an Phobail, Bearta Cúiteacha, Comhleanúnacha Foriomlán. Tuairim an Choimisiúin Eorpaigh.

An Coimisiún Eorpach (2011). Na naisc idir an Chreat-treoir Uisce (CTU 2000/60/CE) agus na Treoracha Dúlra (An Treoir maidir le hÉin 2009/147/CE agus an Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE).

An Coimisiún Eorpach (2018). Láithreáin Natura 2000 a Bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE.

An Coimisiún Eorpach (2021). Measúnú ar Phleananna agus ar Thionscadail i dtaca le Láithreáin Natura 2000 - Treoir Mhodheolaíoch maidir le Forálacha Airteagal 6(3) agus (4) den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE.

Mayes (2008). Limistéir Faoi Chosaint Iarscríbhinn IV na Creat-treorach Uisce: Gnáthóga agus Speicis agus Láithreáin Stádais Aird atá Spleách ar Uisce.

Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (2019a). Stádas na nGnáthóg agus na Speiceas faoi Chosaint AE in Éirinn. Measúnuithe ar Ghnáthóga, Imleabhar 2. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (2019b). Stádas na nGnáthóg agus na Speiceas faoi Chosaint AE in Éirinn. Measúnuithe ar Speicis, Imleabhar 3. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

## Aguisín A: Limistéir Chaomhantais Speisialta i bPoblacht na hÉireann

Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin
IE0000006	Portach Choillidh Chonnaidh (Cloch Bhaile)
IE0000007	Loch Uachtair agus Lochanna Gaolmhara
IE0000014	Loch Bhaile Uí Áille
IE0000016	Loch Bhaile Uí Chuileannáin
IE0000019	Loch Bhaile Uí Ógáin
IE0000020	Coimpléasc Cheann Boirne-Pholl Salach
IE0000030	Danes Hole, Poll na Leice
IE0000032	Coillte agus Lochanna Dhrom Mór
IE0000036	Inbhear na hEidhní
IE0000037	Uaimh Pholl an Deataigh
IE0000051	Turlach Loch Gais
IE0000054	Sliabh Mhóinín
IE0000057	Abhainnchóras Mhaothraí
IE0000064	Poll na gCordán (Cuinche)
IE0000077	Baile Mhac Óda (Cluain Pruachais agus an Poll Mór)
IE0000090	Cuan agus Coillearnach an Ghleanna Ghairbh
IE0000091	Cuan Chloich na Coillte
IE0000093	An Cheacha
IE0000097	Anaclann Dúlra agus Purláin Loch Oighinn
IE0000101	Loch Trasna agus Oileáin Loch Trasna
IE0000102	Rinn Mhuintir Bháire
IE0000106	Coill Ghort na Tiobratán
IE0000108	An Gaorthadh
IE0000109	Ceann na dTrí Chaisleán go Carn Uí Néid
IE0000111	Aillte Árainn Mhór (Dún na nGall)
IE0000115	Baile an tSratha
IE0000116	Coill Bhaile Áir
IE0000129	Portach Chruach Eoghanach
IE0000133	Cuan Dhún na nGall (Murbhach)
IE0000138	Loch Dhoirínse
IE0000140	Portach Fhána Bhuí / Loch na Cuinge
IE0000142	Portach an Ghainimh Ghil
IE0000147	Corrán Binne agus Rinn Chliabháin
IE0000154	Inis Trá Tholl
IE0000163	Loch Iascaigh agus Coill Ard na Móna
IE0000164	Dumhcha Loch na gCríoch
IE0000165	Portach Loch an Oileáin (Carraig an tSléibhe)
IE0000168	Portach Mhachaire na Dromann
IE0000172	Portach Mhín an Ghiúis/an Aird Bháin
IE0000173	Portach Meentygrannagh
IE0000174	LS Choillte na Cora
IE0000181	Reachlainn Uí Bhirn
IE0000185	Loch an tSeisígh
IE0000189	Sliabh Liag

<b>Cód an Láithreáin</b>	<b>Ainm an Láithreáin</b>
IE0000190	Sliabh Tuaidh/an Tor Mór/Gaoth Luacharois Beag
IE0000191	Pointe Charraig an Rois
IE0000194	Trá na Rosann agus Loch an Mhill Mhóir
IE0000197	Taobh thiar d'Ard an Rátha/Maas Road
IE0000199	Cuan Bhaile Dúill
IE0000202	Binn Éadair
IE0000204	Reachrainn
IE0000205	Inbhear Mhullach Íde
IE0000206	Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh
IE0000208	Inbhear Bhaile Roiséir
IE0000210	Cuan Bhaile Átha Cliath Theas
IE0000212	Inis Meáin
IE0000213	Árainn
IE0000216	Caláí na Sionainne
IE0000218	Turlach na Cúile Caime
IE0000231	Portach Bharr Uachtair
IE0000238	Turlach Chathair Ghlasáin
IE0000242	Coimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh
IE0000248	Portach Chluain Maoláin
IE0000252	Coimpléasc na Cúile-Ghairealán
IE0000255	Turlach Chruachaille
IE0000261	Coill Dhoire Chraige
IE0000268	Coimpléasc Chuan na Gaillimhe
IE0000278	Inis Bó Finne agus Inis Airc
IE0000285	Portach Choill Salach
IE0000286	Uaimh Chill Tartan (An Chúil)
IE0000295	Loch an Leathbhaile
IE0000296	Portach Lios na gCaorach agus Turlach Bhaile na Staice
IE0000297	Loch Coirib
IE0000299	Loch Cútra
IE0000301	Portach Loch Loirgín / Turlach Ghleann na Madadh
IE0000304	Loch Riach
IE0000308	Portach Loch an Tóraic Theas
IE0000318	Turlach Thobar Pheadair
IE0000319	Anaclann Dúlra Choill Pholl na gCnocán
IE0000322	Turlach Ráth Asáin
IE0000324	Portach an Rois Rua
IE0000326	Portach na Seanchoille Thiar
IE0000328	Oileáin Cheann Léime (Gaillimh)
IE0000330	Cnoc Leitreach
IE0000332	Áth Caorach, an Bheannach agus Cuan Bhearrúin
IE0000335	Bá na Scealg agus Inbhear na hUíne
IE0000343	Loch na dTrí gCaol
IE0000353	Seanfhoirgneamh Tís, Coill an Droma Mhóir
IE0000364	Teach Oighir Chill Gharbháin
IE0000365	Páirc Náisiúnta Chill Airne, na Cruacha Dubha agus Abhantrach Abhainn Chárthaí
IE0000370	Loch Gaineamháin agus Loch na mBreac Dearg
IE0000375	Cnoc Bréanainn

<b>Cód an Láithreáin</b>	<b>Ainm an Láithreáin</b>
IE0000382	Portach Seithe Fhraoigh (Ardach)
IE0000391	Portach Bhaile na Faiche
IE0000396	Eanach Bhaile Pholaird
IE0000397	An Mhóin Rua, Cill Dara
IE0000404	Eanach Bhaile Hugúin
IE0000407	Na Locháin
IE0000412	Sliabh Bladhma
IE0000428	Loch Meilbhe
IE0000432	Bairrgeoin
IE0000439	Cnoc Droma Asail
IE0000440	Loch Rí
IE0000448	Turlach Lios Liam
IE0000453	Sliabh Feá
IE0000455	Cuan Dhún Dealgan
IE0000458	Cuan Chill Ala/Inbhear na Muaidhe
IE0000461	Turlach Ard Choilleadh
IE0000463	Turlach Bhalla
IE0000466	Sruthlú Iarainn Bhéal Átha Chomhraic
IE0000470	Coimpléasc an Mhuirthead/Chuan an Fhóid Duibh
IE0000471	Coillte Bhreac-chluain
IE0000472	Cuan an Inbhir
IE0000474	Uaimh Bhaile Mhic Fhlannchaidh, Conga
IE0000475	Turlach na Ceathrún Caoile
IE0000476	Coimpléasc Loch na Ceathrún Móire
IE0000479	Cloch Mhaighne
IE0000480	Citil an Chlaí Aird
IE0000484	Loch na Croise (Coill an Dúin)
IE0000485	Ardchlár an Chorráin
IE0000492	Turlach Chaisleán an Dumha
IE0000495	Na Dubhoileáin
IE0000497	Portach na Fliuchmhuine
IE0000500	Coimpléasc Phortach Ghleann na Muaidhe
IE0000503	Turlach na nGréachán
IE0000504	Coimpléasc Thurlach Chill Ghlasáin/Chathair an Bhúiste
IE0000507	Inis Gé
IE0000516	Riasc Goirt Leacan agus Ceann Chill Chuimín
IE0000522	Portach an Locha Ghil
IE0000525	Turlach Shruthair
IE0000527	Muc-chluain (Loch Ceara)
IE0000532	Coill an tSeanchinn
IE0000534	Coimpléasc na hAbhann Duibhe/Néifinne
IE0000541	Turlach Scéith Lócháin
IE0000542	Portach Shliabh Fíoch
IE0000566	Portach agus Eiscir na Naomh
IE0000571	Coill Bhaile an Bhóthair
IE0000572	Portach Chlóirthigh
IE0000575	Portach an Fhéir Bháin
IE0000576	Fionnloch (Uíbh Fhailí)

<b>Cód an Láithreáin</b>	<b>Ainm an Láithreáin</b>
IE0000580	An Mongán
IE0000581	Portach Mhaigh Cláir
IE0000582	Portach an Ráithín Mhóir
IE0000584	Binn Chuilceach-Sliabh an Iarainn
IE0000585	Portach Shearbhóige
IE0000588	Turlach Bhaile an Turlaigh
IE0000592	Portach Bhéal Átha na gCarr
IE0000595	Portach an Chalaídh
IE0000597	Portach Cheathrú Bheithí/na Ceachrach
IE0000600	Portach Chluain Seamhair
IE0000604	Portach Dhoire an Fhia
IE0000606	Coimpléasc Loch Fionngheal
IE0000607	Loch Eirid
IE0000609	Turlach an Leasa Dhuibh
IE0000610	Turlach Loch Cróine
IE0000611	Loch Fuinseann
